AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.7.2022
COM(2022) 326 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

maidir le feidhmiú an tarmligin arna thabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le faisnéis faoi bhia a sholáthar do thomhaltóirí

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE AGUS CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

maidir le feidhmiú an tarmligin arna thabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le faisnéis faoi bhia a sholáthar do thomhaltóirí

1. Réamhrá

Comhlíonann an tuarascáil seo an oibleagáid a leagtar síos don Choimisiún le hAirteagal 51(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis faoi bhia a sholáthar do thomhaltóirí (dá ngairtear 'an Rialachán um Fhaisnéis Bia' anseo feasta)[1]. Leis an Rialachán maidir le Faisnéis Bhia bunaítear na prionsabail, na ceanglais agus na freagrachtaí ginearálta lena rialaítear faisnéis bhia, agus lipéadú bia go háirithe. Le soláthar na faisnéise bia, ní mór ardleibhéal cosanta sláinte agus leasanna tomhaltóirí a bhaint amach trí bhonn a sholáthar do thomhaltóirí deiridh chun go mbeidh siad in ann roghanna eolasacha a dhéanamh agus úsáid shábháilte a bhaint as bia, agus aird faoi leith á tabhairt do chúrsaí sláinte, eacnamaíocha, comhshaoil, sóisialta agus eiticiúla.

Le hAirteagal 51(2) den Rialachán maidir le Faisnéis Bia tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir leis na hábhair dá dtagraítear sna forálacha seo a leanas:

- Airteagal 9 (3): féadfaidh an Coimisiún na critéir a bhunú ar faoina réir a fhéadfar sonra sainordaitheach amháin nó níos mó a léiriú le picteagraim nó siombailí in ionad focal nó uimhreacha chun a áirithiú go mbainfidh tomhaltóirí tairbhe as modhanna eile cur i láthair. Sa chomhthéacs sin, ní mór an leibhéal céanna faisnéise agus a thugann focail agus uimhreacha a áirithiú agus an fhianaise ar thuiscint aonfhoirmeach tomhaltóirí a chur san áireamh.
- Airteagal 10 (2): Féadfaidh an Coimisiún Iarscríbhinn III a leasú, ina leagtar síos sonraí sainordaitheacha breise le haghaidh saghsanna sonracha bianna nó catagóirí sonracha bianna, chun faisnéis do thomhaltóirí maidir leis na bianna sin a áirithiú agus chun dul chun cinn teicniúil, forbairtí eolaíocha, cosaint shláinte na dtomhaltóirí nó úsáid shábháilte bhia a chur san áireamh.
- Airteagal 12(3): Nuair a bheidh siad oiriúnaithe níos fearr do shonraí sainordaitheacha áirithe, féadfaidh an Coimisiún critéir a bhunú faoina bhféadfar sonraí áirithe sainordaitheacha a léiriú ar bhealaí eile seachas ar an bpacáiste nó ar an lipéad. Sna cásanna sin, ní mór an leibhéal céanna faisnéise do thomhaltóirí a áirithiú, agus fianaise ar thuiscint aonfhoirmeach tomhaltóirí agus ar úsáid fhorleathan na modhanna sin ag tomhaltóirí á cur san áireamh.
- Airteagal 13 (4): Ní mór don Choimisiún rialacha a bhunú maidir le hinléiteacht sonraí sainordaitheacha chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach. Gan dochar d'Airteagail 16(1) agus 16(2), féadfaidh an Coimisiún freisin sonraí sainordaitheacha breise a chuimsiú, le haghaidh saghsanna sonracha bianna nó catagóirí sonracha bianna, an

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis bhia a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2002/67/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún, IO L 304, 22.11.2011, lch. 18.

ceanglas go mbeidh ainm an bhia, cainníocht ghlan an bhia agus, i gcás deochanna a bhfuil cion alcóil níos mó ná 1.2 % de réir toirte iontu, an neart alcólach iarbhír de réir toirte, le feiceáil sa réimse radhairc céanna.

- Airteagal 19 (2): I gcásanna eisceachtúla, agus ábharthacht an liosta comhábhar don tomhaltóir á cur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún liosta na mbianna nach gceanglaítear liosta comhábhar a bheith orthu a fhorlíonadh, ar choinníoll nach é an toradh atá ar na nithe sin a fhágáil ar lár nach gcuirtear an tomhaltóir deiridh nó an t-oll-lónadóir ar an eolas mar is ceart.
- Airteagal 21 (2): Ní mór don Choimisiún athscrúdú a dhéanamh ar liosta na substaintí nó na dtáirgí is cúis le hailléirgí nó le héadulaingtí in Iarscríbhinn II agus, i gcás inar gá, an liosta sin a thabhairt cothrom le dáta chun faisnéis níos fearr a áirithiú do thomhaltóirí agus chun an dul chun cinn eolaíoch agus an t-eolas teicniúil is déanaí a chur san áireamh.
- Airteagal 23 (2): Féadfaidh an Coimisiún, i gcás bianna sonraithe áirithe, modh a bhunú chun an ghlanchainníocht a léiriú, seachas in aonaid toirte (lítir, ceintilítir, millilítir) le haghaidh táirgí leachtacha agus in aonaid mhaise (cileagraim, graim), chun a áirithiú gur fearr an tuiscint a bheidh ag an tomhaltóir ar an bhfaisnéis bhia ar an lipéadú.
- Airteagal 30 (6): chun a n-ábharthacht a chur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún liostaí de shonraí an dearbhaithe cothúcháin éigeantaigh is féidir a fhorlíonadh a leasú, trí shonraí a chur leo nó a bhaint de (Airteagal 30(2)); an fhaisnéis atá sa dearbhú cothúcháin is féidir a athrá (Airteagal 30(3)); inneachar an dearbhaithe cothúcháin dheonaigh i gcás ina bhforáiltear é i ndeochanna alcólacha ar lú ná 1.2 % a gcion alcóil (Airteagal 30(4)); agus inneachar an dearbhaithe cothúcháin dheonaigh i gcás ina bhforáiltear do bhianna neamh-réamhphacáilte (Airteagal 30(5)).
- Airteagal 31 (2): féadfaidh an Coimisiún fachtóirí coinbhéartachta a ghlacadh le haghaidh na vitimíní agus na mianraí a fhéadfar a dhearbhú sa dearbhú cothúcháin, d'fhonn cion vitimíní den sórt sin agus cion mianraí den sórt sin i mbianna a ríomh ar bhealach níos cruinne.
- Airteagal 36 (4): i gcás ina ndéanfaidh oibreoirí gnó bia faisnéis shaorálach faoi bhia a sholáthar ar bhonn éagsúil a d'fhéadfadh an tomhaltóir a chur ar míthreoir nó mearbhall a chur air, féadfaidh an Coimisiún foráil a dhéanamh maidir le cásanna breise ina gcuirfear faisnéis shaorálach faoi bhia ar fáil do na cásanna sin dá dtagraítear cheana in Airteagal 36(3), chun a áirithiú go gcuirfear tomhaltóirí ar an eolas go hiomchuí.
- Airteagal 46: Gan dochar d'Airteagal 10(2) agus d'Airteagal 21(2) dá dtagraítear thuas, a bhaineann faoi seach leis na leasuithe ar Iarscríbhinní III agus II, féadfaidh an Coimisiún na hIarscríbhinní a leasú chun dul chun cinn teicniúil, forbairtí eolaíocha, sláinte tomhaltóirí nó an gá atá ag tomhaltóirí le faisnéis a chur san áireamh.

2. Bunús dlí

De bhun Airteagal 51(2) den Rialachán maidir le Faisnéis Bia, rinneadh an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoi Airteagal 9(3), Airteagal 10(2), Airteagal 12(3), Airteagal 13(4), Airteagal 18(5), Airteagal 19(2), Airteagal 21(2), Airteagal 23(2), Airteagal 30(6), Airteagal 31(2), Airteagal 36(4) agus Airteagal 46 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse tosaigh 5 bliana tar éis an 12 Nollaig 2011. Bhí ar an gCoimisiún tuarascáil a chur isteach maidir le feidhmiú tharmligean na cumhachta a thugtar leis an Rialachán um Fhaisnéis Bia tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí 5 bliana, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

Ghlac an Coimisiún an chéad tuarascáil ar fheidhmiú tharmligean na gcumhachtaí faoin Rialachán um Fhaisnéis Bia an 11 Márta 2016[2]. Rinneadh cur síos sa tuarascáil sin ar na gníomhaíochtaí a rinneadh le linn na tréimhse sin.

3. An tarmligean a fheidhmiú

Le linn na tréimhse dar tús an 11 Márta 2016 go dtí seo, níor aithin an Coimisiún gur gá úsáid a bhaint as aon cheann de na cumhachtaí tarmligthe a thugtar leis an Rialachán um Fhaisnéis Bia. Cé go bhfuil na cumhachtaí tarmligthe uile a bhronntar iomchuí go fóill, bhí an cinneadh gan iad a úsáid mar thoradh ar mheasúnú rialta fónta ar na gnéithe a chumhdaítear le tarmligean na cumhachta le linn na tréimhse idir lámha, bunaithe ar an aiseolas a bailíodh ó údaráis náisiúnta, ó thomhaltóirí agus ó pháirtithe leasmhara agus i bhfianaise na taithí a fuarthas i gcur chun feidhme an Rialacháin maidir le Faisnéis Bia.

Go háirithe, le hAirteagail 13(1) go 13(3) den Rialachán maidir le Faisnéis Bhia, leagtar síos na ceanglais maidir leis na sonraí sainordaitheacha a chur isteach ionas go mbeidh siad sofheicthe, inléite go soiléir agus, i gcás inarb iomchuí, doscriosta. Go háirithe, chun a n-inléiteacht a áirithiú, leagtar síos le hAirteagail 13(2) agus 13(3) agus le hIarscríbhinn IV den Rialachán íoscheanglais maidir le clómhéid, agus dromchla an ábhair á chur san áireamh . Tagraíonn an ‘inléiteacht’ mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2) pointe (m) den Rialachán maidir le Faisnéis Bhia do ghnéithe eile den chur i láthair freisin, amhail spásáil litreacha, spásáil idir línte, leithead na stríce, dath an chló, cló-aghaidh, cóimheas leithead le hairde na litreacha agus codarsnacht idir an cló agus an cúlra. Sa chomhthéacs sin, le hAirteagal 13(4) den Rialachán tugtar sainordú don Choimisiún rialacha breise a leagan síos maidir le hinléiteacht na sonraí sainordaitheacha chun cuspóirí an Rialacháin a bhaint amach. Níor thug cur chun feidhme Airteagail 13(1) go 13(3) den Rialachán um Fhaisnéis Bhia aon fhianaise go dtí seo nár leor na rialacha atá ann cheana chun inléiteacht shoiléir na sonraí sainordaitheacha a áirithiú. Ag cur san áireamh an chuspóra fhoriomláin chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir cosaint tomhaltóirí agus an tsolúbthacht chun go bhféadfaidh oibreoirí gnó bia gnó a dhéanamh go rianúil, níor mheas an Coimisiún gurb iomchuí, le linn na tréimhse idir lámha, an cumhachtú a fuarthas a chur chun feidhme chun ceanglais bhreise a thabhairt isteach a bhaineann le hinléiteacht na sonraí sainordaitheacha.

Ina theannta sin, de bhua Airteagal 21(2) den Rialachán maidir le Faisnéis Bhia, ní mór don Choimisiún athscrúdú córasach a dhéanamh ar liosta na substaintí nó na dtáirgí is cúis le hailléirgí nó éadulaingtí atá in Iarscríbhinn II. I bhfianaise an mheasúnaithe bhuain sin, i gcás inar gá, tugann an Coimisiún an liosta cothrom chun dáta chun faisnéis níos fearr a áirithiú le haghaidh tomhaltóirí agus chun an dul chun cinn eolaíoch agus an t-eolas teicniúil is déanaí a chur san áireamh. I gcomhréir leis an bhforáil sin, le linn na tréimhse idir lámha, tá dlúthfhaireachán déanta ag an gCoimisiún ar an staid maidir le substaintí nó táirgí a d’fhéadfadh a bheith ina gcúis le hailléirgí nó éadulaingtí agus nár bhailigh sé aon fhianaise a thabharfadh le fios gur gá céim bhreise a dhéanamh chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán maidir le Faisnéis Bhia a mhodhnú.

Mar a fógraíodh i dtuarascáil an Choimisiúin an 11 Márta 2016 maidir le feidhmiú na toscaireachta a tugadh don Choimisiún, scriosadh Airteagal 18(5) den Rialachán maidir le Faisnéis Bhia an 1 Eanáir 2018.

---

[2] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le feidhmiú an tarmligin arna thabhairt don Choimisiún de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 maidir le faisnéis faoi bhia a sholáthar do thomhaltóirí. COM(2016) 138 final.

4. Conclúid

Ó 11 Márta 2016 i leith, níl na cumhachtaí tarmligthe a thugtar dó faoi Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 feidhmithe ag an gCoimisiún. Iarrann sé ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire.